**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0174/2024**

10.4.2024

# TUARASCÁIL

ar sheasamh na Comhairle maidir le Dréachtbhuiséad leasaitheach uimh. 1/2024 an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 - Leasuithe ar bhuiséad 2024 de dhíth mar gheall ar athbhreithniú CAI
(07432/2024 – C9-0048/2024 – 2024/0056(BUD))

An Coiste um Buiséid

Rapóirtéir: Siegfried Mureşan

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

IARSCRÍBHINN: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT ........................................................................................................................8

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH........................................9

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........10

# TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar sheasamh na Comhairle maidir le Dréachtbhuiséad Leasaitheach 1/2024 an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024 – Leasuithe ar bhuiséad 2024 de dhíth mar gheall ar athbhreithniú CAI**
**(07432/2024 – C9-0048/2024 – 2024/0056(BUD))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012[1], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, mar a glacadh go cinntitheach é an 22 Samhain 2023[2],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[4],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán Teicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241[5],

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 ('Rialachán CAI')[6],

---

[1] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
[2] IO L, 2024/207, 22.02.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj?locale=ga.
[3] IO L, 2024/765, 29.02.2024, ELI: Https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj?locale=ga
[4] IO L, 2024/792, 29.02.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj?locale=ga.
[5] IO L, 2024/795, 29.02.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj?locale=ga.
[6] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[7],

– ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom[8],

– ag féachaint don togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Samhain 2023 maidir leis an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar a bhunú (COM(2023)0692),

– ag féachaint do rún uaithi an 27 Feabhra 2024 maidir leis an dréachtrialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[9],

– ag féachaint do Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024, a ndearna an Coimisiún é a ghlacadh an 29 Feabhra 2024 (COM(2024)0080),

– ag féachaint don seasamh ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024 a ndearna an Chomhairle é a ghlacadh an 19 Márta 2024 agus é a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa an 21 Márta 2024 (07432/2024 – C9-0048/2024),

– ag féachaint do Rialacha 94 agus 96 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0174/2024),

A. de bhrí, i ráiteas comhpháirteach atá i gceangal leis an gcomhaontú maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, gur iarr an Pharlaimint agus an Chomhairle ar an gCoimisiún buiséad leasaitheach a mholadh a luaithe a comhaontaíodh an t-athbhreithniú ar Rialachán CAI d’fhonn buiséad 2024 a chur i gcomhréir le Rialachán CAI athbhreithnithe agus, dá gcuid féin, gur gheall siad go ndéanfadh siad an dréachtbhuiséad leasaitheach a mheas gan moill mhíchuí, agus práinn an ábhair á cur i gcuntas;

B. de bhrí go bhfuil Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024 dírithe ar na hathruithe riachtanacha a eascraíonn as an athbhreithniú ar CAI a comhaontaíodh le déanaí a áireamh i mbuiséad 2024; de bhrí go ndéanann Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024 méadú EUR 5 833.7 milliún ar chaiteachas i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 4 143.6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;

C. de bhrí, i dteannta na n-athruithe a eascraíonn as athbhreithniú CAI, go n-áirítear i nDréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024 freisin athruithe ar na barúlacha buiséadacha maidir le caiteachas tacaíochta faoin gclár don Eoraip Dhigiteach chun a

[7] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
[8] IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.
[9] téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2024)0082.

chur ar a chumas costais na foirne seachtraí is gá a chumhdach d'Oifig na hIntleachta Saorga, atá le bunú i gcomhréir leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga a comhaontaíodh le déanaí;

1. á chur in iúl gur geal léi Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024, lena n-áirítear treisithe tábhachtacha arna moladh ag an bParlaimint ina léamh buiséid nach bhféadfaí a áireamh i mbuiséad 2024 mar gheall ar mhoilleanna ar ghlacadh Rialachán CAI athbhreithnithe;

2. á chur i bhfáth, le glacadh Dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024, go mbeidh buiséad 2024 an Aontais níos oiriúnaí dá fheidhm, níos solúbtha agus níos ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an Aontas;

3. á chur in iúl gur geal léi an togra chun EUR 4.8 billiún a shlógadh ó Chúlchiste nuachruthaithe na hÚcráine chun gur féidir deontais a íoc leis an Úcráin; á mheabhrú nach bhfuil gá le buiséad leasaitheach chun iasachtaí a íoc agus, dá bhrí sin, go bhfuil tacaíocht á cur ar fáil cheana féin ag an Aontas do rialtas na hÚcráine ionas gur féidir leis seirbhísí bunriachtanacha a choinneáil; á chur i bhfáth go gcuideoidh tacaíocht airgeadais atá bunaithe ar dheontais agus ar iasacht tríd an tSaoráid don Úcráin leis an Stát agus na seirbhísí riachtanacha a choinneáil ag feidhmiú, agus tacaíocht á tabhairt don Úcráin agus í ag dul i dtreo a hatógála, téarnaimh, athchóirithe agus ballraíochta san Aontas;

4. á chur i bhfios go láidir go gcabhróidh ainmníocht bhuiséadach na Saoráide don Úcráin, a tugadh isteach le Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024, lena áirithiú gur féidir leis an údarás buiséadach grinnscrúdú cuí a dhéanamh ar chaiteachas; á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear sa tSaoráid íocaíochtaí fóirdheontais ráta úis le haghaidh Cúnamh Macrairgeadais (MFA) a soláthraíodh don Úcráin in 2022, rud a laghdóidh an brú i gCeannteideal 6 (an Chomharsanacht agus an Domhan), go háirithe sa chúlchiste um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda;

5. á mheabhrú go bhfuil an fóirdheontas ráta úis le haghaidh iasachtaí MFA+ a íoctar leis an Úcráin le cumhdach ag na Ballstáit; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil trí chomhaontú ranníocaíochta náisiúnta fós i bhfeidhm; á chur i bhfios go láidir go raibh cuimsiú EUR 5 mhilliún i mbuiséad 2024 sealadach faoi réir réiteach maoinithe malartach, i gcomhréir le ráitis aontaobhacha an Choimisiúin agus na Parlaiminte atá i gceangal le comhaontú buiséid 2024; ag dréim, dá bhrí sin, go n-asbhainfear an EUR 5 mhilliún ón líne ábhartha i ndréachtbhuiséad leasaitheach atá le teacht do 2024;

6. á chur in iúl gur geal léi an treisiú EUR 376 mhilliún don Chiste Eorpach Cosanta (EDF) in 2024, a d'eascair as an Rialachán maidir leis an Ardán Teicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP); ag tabhairt dá haire, murab ionann agus an ráiteas airgeadais reachtach atá i gceangal le togra STEP, go measann an Coimisiún anois nach bhfuil gá le leithreasuithe breise faoi chomhair íocaíochtaí in 2024; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán cúramach a dhéanamh ar riachtanais íocaíochta;

7. ag tabhairt dá haire gur chuir an Coimisiún togra ar aghaidh an 5 Márta 2024 chun clár cosanta nua a bhunú - an Clár Eorpach Infheistíochta um Chosaint - don tréimhse 2025-2027, le haistriú EUR 1.5 billiún beartaithe ó CEF, go beacht méid threisiú CEF a comhaontaíodh faoi STEP; ag athdhearbhú a seasaimh sheanbhunaithe go n-éilíonn

tosaíochtaí beartais nua airgead úr; á áitiú go n-úsáidfear na hacmhainní breise a shanntar do CEF don chuid eile de thréimhse CAI le haghaidh chuspóirí STEP de réir chomhaontú na gcomhreachtóirí;

8. á chur in iúl gur geal léi an EUR 500 milliún breise do na Balcáin Thiar, a cuireadh i gcúlchiste faoi réir ghlacadh an rialacháin atá beartaithe lena mbunaítear an tSaoráid Fáis agus Athchóirithe do na Balcáin Thiar; á chur i bhfios nach measann sí go bhfuil an ainmníocht mar a leagtar amach i nDréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024 í oiriúnach dá feidhm agus go bhfuil sé ar intinn aici, i gcomhar leis an gComhairle, athbhreithniú a dhéanamh ar an ainmníocht mar chuid de nós imeachta buiséadach 2025 chun grinnscrúdú polaitiúil agus buiséadach iomchuí a áirithiú;

9. ag tabhairt dá haire, as iomlán an EUR 3.1 billiún i dtreisithe do Cheannteideal 6 idir 2024 agus 2027 a comhaontaíodh in athbhreithniú CAI, nach n-áirítear ach EUR 500 milliún i nDréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024; á chur i bhfios, thairis sin, nach n-áirítear ath-imlonnú cistí atá beartaithe faoin gCeannteideal sin; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún faisnéis mhionsonraithe a chur ar fáil don údarás buiséadach lena míneofar conas a bheartaíonn sé gach athrú ar chláir agus ar ionstraimí speisialta a eascraíonn as athbhreithniú CAI a bhainistiú;

10. á chur in iúl gur geal léi go mbeidh an tAontas in ann freagairt níos fearr do ghéarchéimeanna mar thoradh ar an maoiniú méadaithe do thubaistí nádúrtha agus d’éigeandálaí eile a áirítear i nDréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024; ag tabhairt dá haire go gcruthaítear línte nua le Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024 i gcomhréir leis an gcinneadh Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála a roinnt ina dhá chuid - an Cúlchiste Dlúthpháirtíochta Eorpach le haghaidh tubaistí nádúrtha agus éigeandálaí sláinte poiblí laistigh den Aontas agus i dtíortha aontachais agus an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála le haghaidh mearfhreagairt ar éigeandálaí laistigh agus lasmuigh den Aontas; á mheas go mbeidh sé níos éasca na cistí a bhainistiú leis an struchtúr nua agus á mheabhrú a thábhachtaí atá sé iarratais faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a láimhseáil go pras agus an dá chúlchiste a shlógadh go tráthúil chun eisíocaíocht thapa cistí a áirithiú;

11. á mheabhrú nach gcumhdaítear cabhair dhaonnúil don Úcráin leis an tSaoráid don Úcráin agus go bhfuil sí ag dréim leis go hiomlán go bhfanfaidh an gá atá léi ard ar fud an domhain agus gur dócha go dtiocfaidh méadú breise air in 2024 i gcomhthéacs ina bhfuil an chabhair dhaonnúil tearcbhuiséadaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún, agus cur chun feidhme buiséadach sna blianta beaga anuas á chur i gcuntas, dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an gcabhair dhaonnúil agus aon bhearta is gá a mholadh don údarás buiséadach in am trátha; á mheabhrú, ina leith sin, gur treisíodh an Ionstraim Sholúbthachta le thart ar EUR 500 milliún do 2024 mar chuid den athbhreithniú ar CAI;

12. ag tabhairt dá haire go ndéantar leithdháileadh 2024 don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED) a laghdú go EUR 33.8 milliún, i gcomhréir le Rialachán athbhreithnithe CAI; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme CED agus ar na hinstitiúidí uile aon bhearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú gur féidir gach iarraidh ar thacaíocht CED a bhfuil údar cuí léi a chomhlíonadh mar léiriú ar dhlúthpháirtíocht an Aontais;

13. ag tabhairt dá haire go ndearnadh athruithe ar na barúlacha buiséadacha chun a chur ar chumas an chláir don Eoraip Dhigiteach maoiniú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le gníomhairí conarthacha a earcú d’Oifig na hIntleachta Saorga a bunaíodh faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga a comhaontaíodh le déanaí; á chur i bhfios go láidir nach bhfuil gá leis an réiteach oibre sin ach amháin mar gheall ar acmhainní neamhleora faoi Cheannteideal 7 (Riarachán), mar gheall ar bheartas foirne cobhsaí féin-fhorchurtha an Choimisiúin agus mar gheall ar dhiúltú na Comhairle aghaidh a thabhairt ar chaiteachas riaracháin maidir le hathscrúdú CAI; á áitiú nach bhfuil sé inghlactha costais foirne a chumhdach don Oifig nua ar an mbealach sin ach amháin mar shocrú sealadach agus nach fasach é, nach mór teacht ar réiteach struchtúrach fadtéarmach faoi Cheannteideal 7 thar an CAI reatha agus nach mór caiteachas faoi Cheannteideal 7 a shocrú ar leibhéal lena ráthaítear go mbeidh riarachán éifeachtach agus éifeachtúil ag AE;

14. á mheabhrú gur luaigh an Coimisiún, ina litir infhorghníomhaitheachta lena ndéantar measúnú ar léamha na Parlaiminte agus na Comhairle faoi seach ar bhuiséad 2024, gur cheart go léireodh na nótaí buiséid, ‘mar riail ghinearálta, [...] an bunús dlí agus nár cheart iad a athbhreithniú ach amháin más gá chun na hathruithe ar na bunúis dlí is infheidhme a léiriú’ agus ‘nár cheart aon athruithe ná modhnuithe ar chuspóirí nó gníomhaíochtaí ginearálta agus sonracha an chláir nach luaitear go sainráite sna bunghníomhartha a mholadh’; ag dréim, i bhfianaise sholúbthacht shoiléir an Choimisiúin maidir leis na barúlacha a bhaineann leis an gclár don Eoraip Dhigiteach a leasú chun freastal ar earcú pearsanra seachtrach nach mbaineann le cur chun feidhme an chláir, go gcuirfidh sé an leibhéal céanna solúbthachta i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh aige ar aon athruithe ar na barúlacha buiséadacha a d’fhéadfadh an Pharlaimint nó an Chomhairle a mholadh i nós imeachta buiséadach 2025;

15. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024;

16. á threorú dá hUachtarán a dhearbhú go bhfuil Buiséad Leasaitheach Uimh. 1/2024 glactha go cinntitheach agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

17. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## IARSCRÍBHINN: ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

Pursuant to Article 8 of Annex I to the Rules of Procedure, the rapporteur declares that he has received input from the following entities or persons in the preparation of the report, until the adoption thereof in committee:

| Entity and/or person |
|---|
| European Commission – DG BUDG |
| European Public Prosecutor's Office |

The list above is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 8.4.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 15<br>–: 1<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Olivier Chastel, Andor Deli, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Alexandra Geese, Eero Heinäluoma, Hervé Juvin, Joachim Kuhs, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Nils Ušakovs |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jan Olbrycht |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold, Petra Kammerevert, Wolfram Pirchner, Dominique Riquet |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 15 | + |
|---|---|
| PPE | Karolin Braunsberger-Reinhold, Siegfried Mureşan, Jan Olbrycht, Wolfram Pirchner |
| Renew | Olivier Chastel, Dominique Riquet |
| S&D | Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Eero Heinäluoma, Petra Kammerevert, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Nils Ušakovs |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Alexandra Geese |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs |

| 2 | 0 |
|---|---|
| NI | Andor Deli, Hervé Juvin |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh